NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment

# Curaclam Matamaitice na Bunscoile – Ábhar tacaíochta

# Uimhreas: Uimhriú agus comhaireamh – Moltaí maidir le heispéiris foghlama páistí

## Bíonn deiseanna ag an bpáiste chun...

### Tuiscint a fhorbairt agus ceangail a dhéanamh

- tabhairt faoi ghníomhaíochtaí spraíúla comhairimh in éineacht le piaraí, m.sh., *na páistí a spreagadh lena chomhaireamh cá mhéad uair a fhéadann siad liathróid a phasáil nó na bosa a bhualadh laistigh d'achar áirithe ama*.
- an comhaireamh a cheangal isteach i ngnáthaimh laethúla agus gnáth-eispéiris an uile-lae, m.sh., *a chinntiú go mbíonn suíochán ag gach duine trí chathaoireacha a chomhaireamh, míreanna puzail nó mearaí a chomhaireamh trína ngrúpáil ina gcúigeanna nó ina ndeicheanna*.
- cleachtadh a dhéanamh ar straitéisí comhairimh amhail comhaireamh síos, comhaireamh suas, comhaireamh i ndeicheanna nó i gcéadta, comhaireamh i leatha nó léimchomhaireamh, m.sh., *trí chluichí amhail Fizz Buzz*.
- tabhairt faoi ghníomhaíochtaí agus dul i ngleic le fadhbanna a bhaineann le comhaireamh agus meastachán i gcásanna fíorshaoil, m.sh., *cleachtadh a dhéanamh ar an léimchomhaireamh, cuntas thar dheicheanna agus céadta, srl. le hairgead agus le boinn airgid*.
- a gcásanna fíorshaoil nó samhlaíocha féin a chumadh a mbeadh baint ag an gcomhaireamh leo, m.sh., *airgead nó earraí a bheadh ar díol a chomhaireamh agus iad i mbun siopa*.



### Cumarsáid a dhéanamh

- amhráin chomhairimh nó rímeanna a rá le linn aistrithe nó sosanna.
- plé agus comparáid a dhéanamh idir na bealaí a ndéanann siad tobmheas, meastachán nó comhaireamh agus iad páirteach i gcluichí nó i ndúshláin.
- comparáid a dhéanamh idir an bealach a ndéanann siad féin, agus daoine eile, uimhreacha a léiriú agus a eiseamláiriú ag úsáid ábhair éagsúla, m.sh., *coirníní, bloic, uimhreacha nó líníochtaí*.
- acmhainní agus straitéisí amhail uimhirlínte glana, patrúin san uimhreas agus uimhreacha cóimheasa a úsáid chun comhaireamh a dhéanamh chun tosaigh agus ar gcúl.
- tábhacht an chomhairimh i ngníomhaíochtaí an uile-lae a shainaithint agus a phlé, m.sh., *páistí a chomhaireamh ina mbeirteanna i líne sula rachaidís ar shiúlóid*.



### Réasúnaíocht a dhéanamh

- an comhaireamh a cheangal d'eispéiris phraiticiúla agus an chaoi a gcabhraíonn an comhaireamh linn acmhainní a eagrú agus a bhainistiú a phlé, m.sh., *nuair a bheifí ag dáileadh ábhar amhail pinn luaidhe nó scuaba péinteála*.
- réitigh ar fhadhbanna a anailísiú agus a mheas trína gcur i gcomparáid le meastacháin réasúnacha.
- meastacháin agus straitéisí comhairimh a mhíniú agus a chosaint, in éineacht le piaraí, m.sh., *agus iad ag comhaireamh ciúbanna, d'fhéadfadh sé go míneodh páiste amháin an fáth ar shocraigh siad ar chomhaireamh a dhéanamh i gcúigeanna, cé gur roghnaigh páiste eile comhaireamh in aonta, bunaithe ar riachtanais an tasc nó ar éascaíocht an chomhairimh*.
- patrúin agus gaolta idir uimhreacha a shainaithint trí ghníomhaíochtaí amhail léimchomhaireamh, m.sh., *le linn dóibh a bheith ag imirt chleas na bacóide, d'fhéadfadh páistí cleachtadh a dhéanamh ar an léimchomhaireamh i ndónna nó i dtríonna de réir mar a léimeann siad trí na cearnóga agus d'fhéadfaidís plé a dhéanamh ar na patrúin a thug siad faoi deara sna huimhreacha ar ar thuirling siad*.
- straitéisí comhairimh iomchuí a roghnú agus a úsáid i ríomhanna le huimhreacha níos mó, m.sh., *pointí cóimheasa a úsáid, droichead a dhéanamh thar dheich, cúiteamh*.



### Cur i bhfeidhm agus fadhbanna a réiteach

- láimhseoga nithiúla agus fíorúla a úsáid chun tacú leis an gcomhaireamh agus fadhbanna á réiteach, m.sh., *babhlaí, cásanna borróige, srl. a úsáid chun na milseáin a chur in eagar le haghaidh cóisire*.
- éagsúlacht de straitéisí comhairimh a roghnú agus a úsáid chun tacú leis an réiteach fadhbanna, m.sh., *úsáid na n-uimhirlínte, léimchomhaireamh, úsáid na n-uimhreacha cóimheasa, an fhadhb a chur i bhfriotal ar bhealach eile, cúiteamh*.
- trí chomhphlé le piaraí, éifeachtacht na straitéisí éagsúla comhairimh a úsáidtear sa réiteach fadhbanna a chomhroinnt agus a mheas.
- straitéisí comhairimh a chur i bhfeidhm i réiteach fadhbanna a bheadh bríoch agus ábhartha dá saol, m.sh., *leabhair, trealamh corpoideachais agus ábhair ealaíne a chur in eagar agus stocáireamh a dhéanamh orthu*.
- an chaoi a n-úsáidtear an comhaireamh ag leibhéal náisiúnta a fhiosrú chun faisnéis a sholáthar agus chun críche pleanála, m.sh., *tríd an daonáireamh, agus 'daonáireamh ranga' a dhéanamh*.



Arna fhorbairt i gcomhar le **Rachel Brennan, Múinteoir Bunscoile, Co. Átha Cliath**